# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 13 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:

| |
|---|
| |

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI GACH CEANN DE NA 4 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

| |
|---|
| *Stampa an Ionaid* |

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán ar na ceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |

Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall.

## ROINN 1

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.
SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**. **(Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** Rugadh Íosa i mbaile Bheithil. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**2.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear Visniú leis?
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

**3.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'naofa' ná ______________________________

______________________________________________________________________

**4.** Cabhraíonn coinsias duine leis/léi cinneadh a dhéanamh faoina bhfuil ceart agus mícheart.
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**5.** Léigh liosta na gceannairí reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Mar shampla duit rinneadh ceannaire reiligiúnach amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Ceannairí Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| An tIomám Sheikh Hussein Halawa | An Búdachas |
| An Pápa Eoin Pól II | An Chríostaíocht |
| An Raibí Dr Yaakov Pearlman | An Hiondúchas |
| Sri Bharati Tirtha | An tIoslamachas |
| An Dalaí Láma | An Giúdachas |

| | *Ceannaire Reiligiúnach* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Sampla:* | *An Pápa Eoin Pól II* | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

**6.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é atá i gceist le maoirseacht ná cúram a dhéanamh den domhan agus de gach rud atá beo. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**7.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é atá i gceist le 'misean' ná __________________________

______________________________________________________________________

**8.** De réir an traidisiúin Chríostaí tharla deascabháil Íosa daichead lá tar éis a aiséirí.
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**9.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear an paidrín leis?
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

**10.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear Mezuzah leis?
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**11.** Léigh liosta na n-ionad oilithreachta agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Mar shampla duit rinneadh ionad oilithreachta amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Ionaid Oilithreachta* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Balla an Olagóin | An Búdachas |
| Colúin Mina | An Chríostaíocht |
| An Talamh Naofa | An Hiondúchas |
| Abhainn na Gainséise | An tIoslamachas |
| Lumbini, Neipeal | An Giúdachas |

| | *Ionad Oilithreachta* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Sampla:* | *An Talamh Naofa* | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

**12.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear an traidisiún leis de chreidmhigh ag teacht le chéile chun urnaí a dhéanamh ar an Aoine? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

**13.** Is é a chiallaíonn 'dialóg idir-chreidmheach' ná ____________________________________

______________________________________________________________________________

**14.** De réir an traidisiúin Chríostaí cé acu **ceann** de na laethanta seo a leanas is mó a luaitear céasadh Íosa leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Aoine ☐ An Satharn ☐ An Domhnach ☐

**15.** Is é a thugtar ar an bhfuath ag duine do dhuine eile mar gheall ar a reiligiún ná - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Éacúiméineachas ☐ Seicteachas ☐

**16.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'siosma' ná ______________________________

______________________________________________________________________________

**17.** Baineann an Chríostaíocht, an Giúdachas agus an tIoslamachas ar fad le – (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Aondiachas ☐ Ildiachas ☐

**18.** Is é atá i gceist le hurnaí ná cumarsáid a dhéanamh le Dia/déithe/an ghné dhiaga. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**19.** Is sampla é an ceol de rud a dtéann daoine ina mhuinín agus iad ar thóir bhrí na beatha. Luaigh sampla **eile** de rud a dtéann daoine ina mhuinín agus iad ar thóir bhrí na beatha. ____

______________________________________________________________________________

**20.** Baineann an mhoráltacht le breithiúnais a thabhairt ar a bhfuil ceart agus mícheart. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

## ROINN 2

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA AR GACH CEANN ACU. **(Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1. Is grianghraf é seo de dhuine ag seanmóireacht le linn seirbhís reiligiúnach.**



*(Foinse:www.anglicantaonga.org.nz)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr a thugann le fios go bhfuil an duine ag seanmóireacht le linn seirbhís reiligiúnach.

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**B.** Is áit í an phuilpid a bhfuil baint aici le seanmóireacht.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐ (6 mharc)

**C.** Luaigh feidhm **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an tseanmóireacht i bpobal creidimh.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(8 marc)

**Ceist 2. Is grianghraf é seo de dhuine atá ag dul leis an ngairm reiligiúnach atá aici.**



*(Foinse: theinnerkingdom.wordpress.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr a thugann le fios go bhfuil gairm reiligiúnach ag an duine.

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**B.** D'fhéadfaí cur síos ar ghairm reiligiúnach mar ghlaoch chun freastal ar Dhia agus ar dhaoine eile.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐ (6 mharc)

**C.** Luaigh bealach **amháin** inar féidir le duine cráifeach dul lena g(h)airm reiligiúnach seachas an bealach a léirítear sa ghrianghraf.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(8 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|
| | |

**Ceist 3.** **Is grianghraf é seo de shearmanas reiligiúnach.**



*(Foinse: blogspot.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr a thugann le fios gur searmanas reiligiúnach é seo.

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**B.** Ainmnigh searmanas **eile** ina gceiliúrann baill de reiligiún domhanda ócáid reiligiúnach i saol duine.

________________________________________

(6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** a mbíonn searmanas reiligiúnach ag baill de reiligiún domhanda chun ócáid a cheiliúradh a bhfuil tábhacht reiligiúnach ag baint léi i saol duine.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(8 marc)

**Ceist 4.** **Is grianghraf é seo de phóstaer le haghaidh ócáid reiligiúnach.**




*(Foinse: Arna oiriúnú ó SoftKey Multimedia & Expert Software INC)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpóstaer a thugann le fios go bhfuiltear ag tabhairt cuiridh do dhaoine chuig ócáid reiligiúnach.

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**B.** Luaigh toisc **amháin** a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chleachtas reiligiúnach duine. ____________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**C.** Tabhair cúis **amháin** a bhfuil tábhacht le cleachtas reiligiúnach do na baill de phobal creidimh.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(8 marc)

## ROINN 3

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

*Is comhrá é seo a leanas idir beirt chairde scoile, Ger agus Fran, atá ag obair le chéile ar thionscadal faoi cheannaire reiligiúnach.*

LÉIGH AN COMHRÁ GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR INA DHIAIDH.

*Ger:* Haigh, a Fran! An bhfuil aon smaointe agat maidir lenár dtionscadal reiligiúnach?

*Fran:* Tá. Cad faoin tionscadal a dhéanamh faoi Martin Luther King?

*Ger:* Cén fáth Martin Luther King? Cad atá ar eolas agat faoi?

*Fran:* Seo pictiúr de. Ministir Baisteach a bhí ann agus spreag saol Íosa Críost go mór é. Chleacht sé an creideamh a bhí aige agus rinne sé gach iarracht feabhas a chur ar an domhan mar áit do gach duine.



(*Foinse: biography.com*)

*Ger:* Tá cuma spéisiúil air sin. Conas a rinne sé iarracht feabhas a chur ar an saol do dhaoine?

*Fran:* An tráth a mhair sé i Meiriceá caitheadh go difriúil le go leor daoine mar gheall ar an dath a bhí ar a gcraiceann. Ní raibh na cearta céanna ag Meiriceánaigh Afracacha is a bhí ag daoine eile. Ní raibh cead acu vóta a chaitheamh, mar shampla!

*Ger:* Tá sé sin go dona nach raibh na cearta céanna acu is a bhí ag daoine eile!

*Fran:* Chonaic Martin Luther King go rabhthas ag caitheamh go héagórach le daoine agus bhí sé ag iarraidh go gcuirfí deireadh leis an éagóir chiníoch. Bhí sé i gcoinne an fhoréigin toisc nach léiríonn sé grá Dé. D'iarr sé ar dhaoine agóid a dhéanamh agus úsáid a bhaint as cumhacht "an anama" seachas cumhacht "an choirp". Ba é seo an bealach a bhí aige le rá go bhféadfadh gníomhartha síochánta nach raibh foréigneach an chothroime agus comhionannas a bhaint amach do gach duine. Nuair a gabhadh bean toisc gur dhiúltaigh sí a suíochán a ghéilleadh ar bhus i 1955, thosaigh Martin Luther King feachtas chun go mbeadh cearta comhionanna ag gach duine ar fud Mheiriceá. In óráid amháin a thug sé, dúirt sé: "Tá aisling agam go mairfidh mo cheathrar páistí beaga amach anseo i náisiún áit nach ndéanfar iad a mheas ar an dath atá ar a gcraiceann ach ar na tréithe atá iontu mar dhaoine." Bhí sé ag iarraidh go gcaithfí le gach duine mar an gcéanna agus bhí súil aige, lá éigin, go mbeadh daoine "ag obair le chéile" agus "ag urnaí le chéile" ba chuma cén dath a bheadh ar a gcraiceann.

*Ger:* Tá a chuma air gur duine iontach a bhí ann. Déanaimis ár dtionscadal ina thaobh.

*(Foinse: Arna oiriúnú ó www.americanrhetoric.com)*

**1.** Ón gcomhrá seo, tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** den chaoi a raibh tionchar ag creidiúintí reiligiúnacha Martin Luther King ar a dhearcadh faoina bhfuil ceart agus mícheart.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(16 mharc)



Don Scrúdaitheoir amháin

| + | = |
|---|---|

**2.** Samhlaigh gur iarradh ar Ger agus Fran liosta rialacha scoile a chur le chéile bunaithe ar na tuairimí a bhí ag Martin Luther King maidir lena bhfuil ceart agus mícheart. Luaigh riail **amháin** a mholfá agus mínigh an chaoi a bhfuil ceangal idir í agus na tuairimí a bhí ag Martin Luther King maidir lena bhfuil ceart agus mícheart.

(18 marc)

**3.** I dtraidisiún reiligiúnach is é a chiallaíonn 'ceartas' ná ______________________________

(8 marc)

**4.** Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** den chaoi a bhfuil na baill de mhór-reiligiún domhanda ag obair ar mhaithe leis an gceartas sa domhan sa lá atá inniu ann.

(18 marc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CÚIG** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. Is sampla de phobal é paróiste. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐ (8 marc)

b. ● TIOMANTAS ● CUMARSÁID ● COMHOIBRIÚ

Déan cur síos ar an ról atá ag **dhá** cheann de na tréithe liostaithe thuas i bpobal creidimh.

i. ______________ ______________________________________________

ii. ______________ ______________________________________________

(12 mharc)

**B.** a. Tarlaíonn cliseadh pobail de bharr ______________________________________________

(8 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

b. Déan cur síos ar **dhá** thoradh ar chliseadh pobail a d'fhéadfadh a bheith ann do phobal creidimh.

i.

ii.

(12 mharc)

**Ceist 2.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN — AN CHRÍOSTAÍOCHT**

**A.** a. Is sampla iad scríbhinní Josephus d'fhianaise stairiúil faoi Íosa Nazórach.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐ (8 marc)

b. Déan cur síos ar a bhfuil le rá ag doiciméad stairiúil **amháin** faoi Íosa Nazórach.

(10 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

\+ =

**B.** a. Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a raibh tábhacht leis na Soiscéil do na pobail Luath-Chríostaí.

(10 marc)

b. Mínigh cén fáth a dtugtar na Soiscéil Shionoptacha ar Shoiscéil Mhatha, Mharcais agus Lúcáis.

(12 mharc)

## Ceist 3. BUNÚS AN REILIGIÚIN — NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

**A.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

a. Ainmnigh téacs diaga **amháin** a bhfuil an bhaint is mó aige leis an reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas. ______________________________

(8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis ar mór ag na baill den reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis i gcuid *A* den cheist ar an téacs diaga atá ainmnithe agat thuas.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(12 mharc)

**B.** a. Tugtar liosta thíos de na céimeanna atá i gceist i bhforbairt téacs dhiaga.

Cuir uimhir le gach céim san ord inar tharla sí.

Ba chóir uimhir 1 a chur leis an gcéad chéim agus ba chóir uimhir 3 a chur leis an gcéim dheiridh.

| *Uimhir* | *Céimeanna i bhForbairt Téacs Dhiaga* |
|---|---|
| | Scríobhadh síos cuntas ar an scéal bunaidh. |
| | Tharla imeachtaí a raibh baint acu leis an scéal bunaidh. |
| | Cuireadh eolas faoin scéal bunaidh ar aghaidh ó bhéal. |

(9 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar a raibh i gceist i gceann **amháin** de na céimeanna i bhforbairt an téacs dhiaga atá ainmnithe agat i gcuid *Aa* den cheist.

(11 mharc)

**Ceist 4.** **CEIST AN CHREIDIMH**

**A.** a. Sampla is ea 'Dia mar Athair' d'íomhá de Dhia a bhaineann le mór-reiligiún domhanda. Ainmnigh íomhá **eile** de Dhia a baineann le mór-reiligiún domhanda.

(8 marc)

b. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thíos a ndearna tú staidéar air:

AN BÚDACHAS ☐ AN CHRÍOSTAÍOCHT ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

Tabhair breac-chuntas ar chreideamh **amháin** faoi Dhia/dhéithe/an ghné dhiaga a bhfuil baint aige leis an reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

(12 mharc)

**B.** a. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na ráitis thíos a bhfuil an bhaint is mó aige leis an mbealach daonnachach chun breathnú ar an saol. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

☐ *Tugann gaol le Dia brí do bheatha duine.*

☐ *Agus duine ag cuardach bhrí na beatha níor chóir dó/di iompú i dtreo an reiligiúin.*

(8 marc)

b. Mínigh an chaoi a bhfuil baint leis an daonnachas ag an smaoineamh atá léirithe sa ráiteas lena bhfuil tic curtha agat thuas.

(12 mharc)

**Ceist 5.** **CEILIÚRADH AN CHREIDIMH**

**A.** a. Sampla amháin de dheasghnáth reiligiúnach a bhaineann leis an urnaí is ea dul ar na glúine. Ainmnigh sampla **eile** de dheasghnáth reiligiúnach a bhaineann leis an urnaí.

(8 marc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** de dheasghnáth a bhaineann le hurnaí phobail do na baill de mhór-reiligiún domhanda a ndearna tú staidéar air.

(10 marc)

**B.** a. ● EISPÉIREAS A CHUR IN IÚL ● RANNPHÁIRTÍOCHT

Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhfeictear ceann **amháin** díobh seo thuas mar shampla d'urnaí phobail i mór-reiligiún domhanda.

(10 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

b. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil an urnaí phobail tairbheach do na baill de reiligiún domhanda.

i. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

ii. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(12 mharc)

## Ceist 6. DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

**A.** a. Gheobhaidh tú ráitis éagsúla thíos ó dhaoine faoina bhfuil i gceist le bheith morálta. Cé acu ceann de na ráitis thíos ina bhfuil tuairim an duine faoina bhfuil morálta bunaithe ar na torthaí ar ghníomh? (Ná cuir tic ✓ ach i mbosca **amháin**)

☐ *"Ní fhéadfaidh mé é sin a thógáil mar b'fhéidir go mbéarfaí orm agus go gcuirfí sa phríosún mé."*

☐ *"Rinne mé é sin mar tá gach duine á dhéanamh."*

(8 marc)

b. i. MACHNAMH A DHÉANAMH AR NA TORTHAÍ ii. SAOIRSE

Mínigh cén fáth a bhfuil tábhacht le **gach ceann** díobh sin thuas agus cinneadh á dhéanamh ag duine faoina bhfuil ceart i ndálaí faoi leith.

i. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________



Don Scrúdaitheoir amháin

| + | = |
|---|---|

ii.

(12 mharc)

**B.** a. Léigh liosta na gcód morálta agus liosta na reiligiún domhanda a thugtar thíos.

Meaitseáil cód morálta **amháin** leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis.

| *Cóid Mhorálta* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Na Biáide | An Búdachas |
| Na Sutraí Darma | An Chríostaíocht |
| Na Deich nAitheanta | An Hiondúchas |
| Conair na nOcht Rian | An tIoslamachas |
| Na Cúig Cholún | An Giúdachas |

*Freagra:*

| *Cód Morálta* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach ina n-imríonn cód morálta reiligiúnach tionchar ar stíl mhaireachtála na mball sa reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis.

i.

ii.

(12 mharc)